Preasráiteas

Le heisiúint láithreach – Luan 11 Feabhra, 2008

Suíomh gréasáin nua seolta ag Coláiste na bhFiann agus Dinnéar Comórtha 40 bliain fógartha.

Is cúis mhór áthais do **Choláiste na bhFiann,** an t-eagraí cúrsaí Gaeilge is faide ar an bhfód, seoladh a shuímh ghréasáin nuadheartha a fhógairt. **www.colaistenabhfiann.ie.** Sheol **"HECTOR"** craoltóir cáiliúil a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige, an suíomh gréasáin seo go hoifigiúil in **Áras Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 46 Sráid Chill Dara, an Luan 11 Feabhra, 2008 ag 12.30iarnóin**.

Agus í ag cur i láthair an tsuímh nua, labhair Caitríona Ní Cheallaigh, Príomhfheidhmeannach Choláiste na bhFiann ar an suíomh nua ag rá go gcuireann an suíomh nuadheartha eolas chun dáta ar Choláiste na bhFiann agus a chúrsaí Gaeilge ar fáil – eolas atá éasca rochtain a fháil air, maille le cumas clárú le haghaidh cúrsaí ar líne. Chomh maith leis sin, tá sonraí ar an suíomh nua maidir leis an **Dinnéar and Céilí** a reáchtáilfear in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, i mí na Samhna chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 40 bliain Choláiste na bhFiann. Sa mhéid gur fhreastail breis is 50,000 duine ar Choláiste na bhFiann go dtí seo, beidh an suíomh gréasáin ina áis trínar féidir le daoine dul i dteagmháil lena chéile arís. Cheana féin tá iardhaltaí ag seoladh a leanaí chuig Coláiste na bhFiann chun go mbainfidh siad an fónamh as a bhaineadar féin.

"Is cúis áthais dom é an suíomh gréasáin nuadheartha seo, a dhear agus a d'fhorbair Gravitate, a chur i láthair", arsa **Caitríona Ni Cheallaigh** agus í ag labhairt ag an ócáid. Cuirfidh sé chun cinn barr feabhais shainmheon Choláiste na bhFiann – an tseirbhís is mó do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge, a thugann líofacht agus féinmhuinín dóibh, chomh maith leis an deis meas a bheith acu ar ár dteanga dhúchais agus idirghníomhú le daoine atá ar aon intinn leo. Cuireann sé áthas orm feidín a fhógairt go mbeidh **Dinnéar Comórtha 40 Bliain Choláiste na bhFiann** a cheiliúradh i mí na Samhna agus táim cinnte go mbeidh sárthinreamh ann an oíche sin!"

4 Ardán Clifton, Baile na Manach, Co. Átha Cliath
Fón: 01-280 8091 Faics: 01-280 7665
R-phost: eolas@colaistenabhfiann.ie
www.colaistenabhfiann.ie

Stiúrthóirí: Caitríona Ní Cheallaigh (Cathaoirleach Feidhmitheach), Úna Ní Fhaircheallaigh, Yvonne Ní Mhurchú

Uimhir an chomluchta: 54908

Chuir **Hector** i gcuimhne don lucht éisteachta go raibh baint aige siúd le fada an lá le Coláiste na bhFiann mar dhalta agus níos déanaí mar Oifigeach Óige mar bhall foirne lánaimseartha. “Is a bhuíochas le Coláiste na bhFiann go bhfuil grá chomh mór agam don Ghaeilge”, **ar seisean** “agus go bhfuilim chomh dearfach ina leith. Chomh maith leis sin, is a bhuíochas leo go bhfuilim i mo dhuine neamhspleách féinmhuiníneach toisc an taithí a fuair mé mar dhalta agus níos déanaí mar Oifigeach Óige ag obair le clubanna óige ar fud na tíre. Mholfainn go láidir do gach duine óg breathnú ar na cúrsaí atá á dtariscint acu ar an suíomh gréasáin nuadheartha seo, a insint dá gcairde ina dtaobh agus iad a chur in áirithe. Déanfaidh sé saibhriú ar an saol agaibh ar bhealaí iomadúla. Tréaslaím le Coláiste na bhFiann freisin as a gcomóradh 40 bliain ag feidhmiú mar an tSeirbhís Ghaeilge don Óige is tábhachtaí agus táim ag tnúth go mór lánsult a bhaint as an ócáid sin a cheiliúradh ag an Dinnéar i mí na Samhna.”

Chun an suíomh gréasáin nua a fheiceáil agus chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Dinnéar Comórtha 40 bliain téigh chuig: www.colaisetenabhfiann.ie

CRÍOCH.

Tuilleadh Eolais
Caitriona Ni Cheallaigh, Coláiste Na bhFiann, 4 Ardán Clifton, Baile na Manach, Co Átha Cliath. Teil: 01-2808091, Facs: 01-2807665. R-phost: **eolas@colaistenabhfiann.ie**

Mary FitzGerald, Mary FitzGerald Public Relations, 8 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-6787916, Fón Póca: 086-2520181. R-phost: **info@maryfitzgeraldpr.ie**

Eolas faoi Choláiste na bhFiann.

Cuireadh Coláiste na bhFiann ar bun 40 bliain ó shin – an t-eagraí cúrsaí Gaeilge is mó in Éirinn, le haidhm amháin – is é sin Gaeilge a mhúineadh do dhaoine óga i dtimpeallacht fháilteach a spreagann dearcadh dearfach i leith na teanga. Ag tógáil ar an mbunmhéid a fhoghlaimítear sa struchtúr traidisiúnta scoileanna, tá foirmle forbartha ag Coláiste na bhFiann thar na blianta chun cuidiú leis na glúnta de dhaoine óga taitneamh a bhaint as a scileanna Gaeilge.

Is é atá i gceist leis seo ná tumadh iomlán i gceachtanna foirmiúla, maille le gníomhaíochtaí níos neamhfhoirmiúla lena n-áirítear ceol, spórt, ealaíona agus ceardaíocht – iad seo go léir á reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

Ar na nithe a chuidigh le Coláiste na bhFiann rath a bheith ar a chuid oibre bhí modhanna múinteoireachta seanbhunaithe, foireann le taithí – a bhformhór ina n-iardhaltaí, agus aird phearsanta trí mheán ranganna le cóimheas íseal dalta le múinteoir. Is a bhuíochas leis seo go gcruthaítear líofacht i measc na ndaltaí tar éis trí seachtaine, is cuma cibé cumas a bhí acu roimh an gcúrsa.

Reáchtálann Coláiste na bhFiann sraith cúrsaí cónaitheacha 3 seachtaine ag 7 n-ionad éagsúla lonnaithe i gColáistí Cónaitheacha agus i nGaeltacht Ráth Cairn, Co na Mí agus i Ros Muc, Co na Gaillimhe idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa gach bliain. Reáchtáiltear cúrsa 2 sheachtain chomh maith i mBaile an Sceilg, Co. Chiarraí..

Ar cheann de na gnéithe ar leith a bhaineann le Coláiste na bhFiann tá an deis ag na daltaí Gaeilge a labhairt ar bhonn leanúnach i ndiaidh gach cúrsa ach ballraíocht a ghlacadh le Cumann na bhFiann, an tseirbhís óige is mó ar fud na tíre, a reáchtálann clubanna imeachtaí seachtainiúla trí mheán na Gaeilge an bhliain ar fad. Tá 50/60 club óige i gCumann na bhFiann ar fud na tíre. Cuireann Cumann na bhFiann an deis ar fáil Gaeilge a labhairt mar theanga bheo agus ag an am céanna timpeallacht shlán faoi mhaoirseacht do dhaoine óga inar féidir leo roinnt dá gcuid ama saoir a chaitheamh.

4 Ardán Clifton, Baile na Manach, Co. Átha Cliath
Fón: 01-280 8091 Faics: 01-280 7665
R-phost: eolas@colaistenabhfiann.ie
www.colaistenabhfiann.ie

Stiúrthóirí: Caitríona Ní Cheallaigh (Cathaoirleach Feidhmitheach), Úna Ní Fhaircheallaigh, Yvonne Ní Mhurchú

Uimhir an chomluchta: 54908